Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0404(COD)**

10602/24
ADD 2

JAI 926
MIGR 254
ASIM 51
SOC 416
EMPL 240
EDUC 198
CODEC 1414
IA 134

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas ón Ungáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón Ungáir le haghaidh mhiontuairiscí Coreper agus na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA mBUNAÍTEAR LINN TALLAINNE AN AONTAIS EORPAIGH**

**– Ráiteas ón Ungáir –**

Ba mhaith leis an Ungáir a chur i bhfios go láidir gur mór aici iarrachtaí na hUachtaránachta teacht ar chomhréiteach sa Chomhairle le linn na caibidlíochta maidir leis an Linn Tallainne agus teacht ar théacs cothrom lena gcuirtear san áireamh riachtanais an mhargaidh saothair agus gnéithe slándála náisiúnta na mBallstát.

I bhfianaise na ndúshlán slándála atá ann faoi láthair agus i bhfianaise na n-athruithe sa tsochaí arb í an imirce is cúis leo, ní chreidimid go bhfuil bonn cirt le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun insreabhadh náisiúnach tríú tír a éascú. Tá sé beartaithe againn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sa mhargadh saothair ar an leibhéal náisiúnta agus meastar gur réiteach sealadach seachas réiteach fadtéarmach iad oibrithe tríú tír.

Agus aitheantas iomlán á thabhairt aici don mhéid atá bainte amach ag an Uachtaránacht agus buíochas á ghabháil aici léi as an obair chuiditheach a rinne sí, staonann an Ungáir, ar na cúiseanna thuasluaite, ó ghlacadh an chur chuige ghinearálta.